A's a Dhónaill Óig má théir thar farraige  
 Beir mé féin leat is ná déan dearmad  
 A's beidh agat féirín lá aonaigh a's margaidh  
 'S iníon Rí Gréige mar chéile leapa 'gat  
 Is déanach aréir a labhair an gadhar ort  
 Labhair an naoscach sa churraichín domhain ort  
 'S tú 'do chaogaidh aonar ar fud na gcoillte  
 A's go rabhair gan chéile go bráth go bhfaighir má.

Do gheallais domsa a's d'insís bréag dhom  
 Go mbeifeá romhamsa go cró na gcaorach  
 Ligeas fead agus trí chéad glaoch ort  
 Ach ní bhfuair eas romham ach na huain ag méiligh  
 Do gheallais domsa, ní ba dheacair dhuit  
 Loingeas óir faoi chrann seoil airgid  
 Dhá bhaile dhéag de bhailtibh fearainne  
 Agus cúirt bhreá aolga cois taoibh na farraige.

Thug mé grá dhuit a's mé beag bídeach  
 A's chuir mé barr air a's mé mór críonna  
 Níorbh é sin an grá thug an cú don chaoire  
 Ach an grá buan daingean a's bá doiligh é scaoileadh.  
 Bhain tú soir a's bhain tú siar dhíom.  
 Bhain tú romham a's bhain tú 'mo dhiaidh dhíom  
 Bhain tú an ghealach is bhain tú an ghrian dhíom  
 'S is rómhór m' eagla gur bhain tú Dia dhíom.

FÁTH MO BHUARTHA

Sé fáth mo bhuartha nach bhfaighim cead cuarta ort,  
Sa ghleanntán uaigneach mar a mbíonn mo ghrá;  
Bíonn míl ar luachair ann, im agus uachtar,  
Go tús an fhómhair bíonn na crainn faoi bhláth.  
Níl gaoth aduaidh ann, níl sneachta crua ann,  
Tá caladh 's cuan ann ag loing a's ag bád;  
Tá tuilleadh bua ann níl turas cruaiche ann,  
Dá ndéanfá suas le do mhuirnín bán..

Sé dúirt mo ghrá liom, ó bhí tú óg deas,  
Go ndéanfá foghlaim ar éalú liom;  
Is nach mbíonn tráthnóna nó maidin fhómhair,  
Nach tú an réalt eolais a bhíonn ag dul romham;  
Ag siúl na mbánta 's na gcoillte cnómhar  
Ní bhíonn orm brón ná duibheagán croí,  
Ach mé bheith pósta le mo mhíle stóirín,  
A's mo lámh go bródúil thar a brollach mín.

GARDAÍ A' RÍ

Rachaidh mise suas le Gardaf 'n Rí,  
 Agus bhéarfa' mis' anuas ar léimh liom f;  
 Nach mise 'chuirfeadh cluain ar a bánchezas m'ín,  
 Agus bhéarfa' mé go Tuairfín f grá mo chroí.

Curfá;

Tógatgí suas ar ghualmhín an Iomair' f,  
 Lasadh ina grua agus bua gach duine léi;  
 'Ghiolla tá gan gruaim a chuirfeadh cluain ar an Iomair',  
 Nach é mo scéal trua mar luafadh mise leat.

Ní'l mise tinn agus ní mé slán,  
 'S rómhór m'osna 's ní fhéadain a rá;  
 Muir a smaointim ar an uair úd a bhí mé 's tú 'ghrá,  
 Gualainn ar ghualainn agus léimh ar léimh.

Curfá

Galar cloíte choíche 'n grá,  
 'S maing ar a mbíonn sé d'óiche nó lá;  
 Cé gur crua a' rud a' snaidhm is nach scaoiltear é go  
 brách,  
 Ó's a chomrádaí dhílis go dté tú slán.

Curfá

MAIDIN I MBÉARRA

Is é mo cháí gan mise maidin aerach,  
 Amuigh i mbéarra i m' sheasamh ar an dtrá,  
 Is guth na n-éan 'o m' tharraing thar na sléibhte cois na  
 farraige,  
 Go Céim an Aitinn mar a mbíonn mo ghrá.  
 Is obann aoibhinn aiteasach do léimfinn,  
 Do rithfinn saor ó anabhroid an tláis,  
 Do thabarfainn droim le scamallaibh an tsaol seo,  
 Dá bhfaighinn mo léirdhóthain d'amharc ar mo  
 chaoimhshearc bán.

Is é mo dhíth bheith ceangailte go faonlag,  
 Is neart mo chléibh dá thachtadh 'nseo sa tsráid,  
 An fhad tá réim na habhann agus gaoth ghlan na farraige  
 Ag glaoch is gairm ar an gcroí seo i m'áir.  
 Is milis bríomhar leathanbhog an t-aer ann,  
 Is gile ón ngréin go fairsing ar an mbán,  
 Is ochón, a ríbhean bhanúil na gcraobhfholt,  
 Gan sinne araon i measc an aitinn mar do bhímis  
 tráth!

ÚNA BHÁN

A Úna bhán, a bhláth na diaoi ómra.  
 Atá th'r éis do bháis de bharr droch-chomhairle,  
 Féach, a ghrá, cé acu b'fhearr den dá chomhairle,  
 A éin i gclíabhán 's mé in Áth na Donóige.

A Úna bhán, d'fhág tú mé i mbrón casta,  
 Agus cé b'áil leat bheith a' trácht air go deo feasta,  
 Cúilín fáinneach ar ar fhás suas an t-ór leachta,  
 'S go mb'fhearr liom ar láimh leat ná an ghlóir Fhlaitheas.

A Úna bhán, mar rós i ngáirdín thú  
 'S ba choinnleoir óir ar bhord na barríona thú  
 Ba cheiliúr 's ba cheolmhar a' gabháil an bhealaigh seo  
 romham thú  
 'S é mo chreach mhaid'ne brónach nár pósadh le do dhúghrá  
 thú.

A Úna bhán, is tú do mhearaigh mo chiall,  
 A Úna, is tú chuaigh go dlúth idir mé 'gus Dia,  
 A Úna, a chraobh chumhra, a lúibín chasta na gclíabh,  
 Nárbh fhearr domsa beith gan súile ná d'fheiceáil riamh.

AN CIARAÍOCH MALLAITHE

Ma leanaim go dian tú siar chun Cairibreach  
 Caillfead mo chiall mura dtriallfair 'bhaile liom,  
 Óro, bead a! sile! na ndeor.  
 Ná tar im' dheoidh gan mórchuid airgid  
 Stampaí Rí Shacsan go cruinn i dtaisce 'gat  
 Óró i gcóir costais a' róid.  
 Ní bheidh cloig ar ár ndoirnibh ó rómhar na ngarraithe,  
 Ná á chruachadh na móna ná 'n fómhar a' leathadh 'rainn,  
 Beidh rince fada 'gainn más é is fearra leat  
 Ór a's airgead ól a's beathuisce  
 Óró fad a mhairfimid beo.

Do shiúlóinn an saol go léir 's an Bhreathnaisc leat,  
 'S níorbh fhéarr liom bheith 'n Éirinn ag éisteacht Affrinn  
 Óró ná i Sasana Nua.  
 Ach ná creidim ó d' bhéal dhá dtrian a n-abrann  
 Mar is fear magaidh thú a bhíonn a' mealladh ban  
 Óró le d' racaireacht spóirt.  
 A chumann mo chléibh a's réilthion mhaisealach  
 Ní 'neosainn bréag ó m' bhéal ar chapall duit,  
 Ar eagla an pheaca 's go mbeimis damanta  
 Grá tá ceangailte 'm lár ná scarfainn leat  
 Óró go dtéad síos faoin bhfód.

Ní leagfad faoin bhfód go deo mo scafaire  
 Ó fuaireas fios aigne mar is é do b'hearra liom  
 Óró líon cupán den bheoir.  
 Glaoigh ar na cairdibh go dtrám an bairille  
 'S déanfam rirá go mbeidh trácht sa chathair air,  
 Óró fad a mhairfidh a bhfuil beo.  
 Seo mo dhá lámh duit go bás ná scarfad leat  
 Ach ceangailt' go brách leat gan spás fad mhairfimid,  
 Sin suite ar margadh 's ní dhéanfaidh do mhalairtse  
 Suí na seasamh liom ná luí i bhfaradh dhom,  
 Óró a's bhfuil agam do gheobhair.

AN RAIBH TÚ AR AN gCARRAIG?

An raibh tú ar an gCarraig nó an bhfaca tú féin mo ghrá?  
Nó an bhfaca tú gile agus finne agus scéimh na mná?  
Nó an bhfaca tú an t-úll ba chumhra a's ba mhilse bláth?  
Nó an bhfaca tú mo vailintín,  
Nó a' bhfuil sí dá cloí mar 'táim?

Do bhíos ag an gCarraig a's do chonaic mé féin do ghrá?  
Do chonaic mé gile agus finne agus scéimh na mná;  
Do chonaic mé an t-úll ba chumhra a's ba mhilse bláth;  
A's do chonaic mé do vailintín,  
Agus níl sí dá cloí mar táir.

FILL, FILL A RÚN Ó

Fill, fill, a rún ó,  
 Fill, a rún ó, is ná himigh uaim.  
 Fill orm, a chuisle 's a stór,  
 Agus chífidh tú 'n ghlóir má fhilleann tú.

Shiúil mise thall is abhus-  
 I Móta Ghráinn' Óige do rugadh mé,  
 'S ní fhaca aon iontas go fóill  
 Mar an Sagart Ó Dónaill 'na mhinistir.  
 Fill, fill, srl.

Dhiúltaigh tú Peadar is Pól  
 Mar gheall ar an ór 's ar an airgead;  
 Dhiúltaigh tú Banríon na Glóire  
 Agus d'iompaigh tú i gcóta 'n mhinistir.

Fill, fill a rún ó,  
 Fill, a rún ó, 's ná himigh uaim;  
 Má fhilleann tú inniu nó go deo-  
 Fill insan Ord 'nar oileadh tú.



## AN AMHRÁN NAISIÚNTA

Seo daoibh, a chairde, duan ógláigh,  
 Caithréimeach, bríomhar, ceolmhar,  
 Ár dtinte cnámh go buacach táid,  
 'S an spéir go m'ín réaltógach,  
 Is fonnmhar faobhrach sinn chun gleo  
 'S go tífúnmhar glé roimh thíocht don ló  
 Faol chléinas caomh na hoíche ar seol  
 Seo libh, canaig' Amhrán na bhFiann.

## Curfá

Sinne Fianna Fáil,  
 Atá faoi gheall ag Éirinn,  
 Buíon dár slua,  
 Thar toinn do tháinig chugainn;  
 Faol mhóid bheith saor,  
 Seantír ár sinsear feasta  
 Ní fhágtar faoin tíorán ná faoin tráil,  
 Anocht a théam sa bhearna baill  
 Le goan ar Ghaeil chun báis nó saoil,  
 Le gunna-scréach, faoi lámhach na bplléar  
 Seo libh, canaig' Amhrán na bhFiann.

## AG TRIALL AR INIS THÍAR

Fonn: "The Road to the Isle"

Tá an mhunarbharraige 'om ghairm féin aniar,  
 'S mé ag imeacht romham im' shánaí tríd an allabh;  
 Gura buan a mhairfidh mé go bhfeice mé mo mhian -  
 An t-oileán órga álainn Inis Thiar.

## Curfá

Ó: trí alteann is trí raithnigh is trí fhraoch atá mo  
 thriall  
 Thar charraig is thar phortach is thar riasc,  
 Is má cheapann tú gur amaid mé nó straelre bocht  
 gan chiall -

Níor airís géim na mara fós aniar;  
 'S gura buan a mhairfidh mé go bhfeice mé mo mhian -  
 An t-oileán órga álainn Inis Thiar.

Bím ag síorthaisteal lóm gan sealad sos ná scíth,  
 Trí dhúiche ghlé an tSeoigh ag imeacht siar,  
 Trí chríoch i Fhlaitheartaigh ag tarraingt ar an toinn  
 Go sroichfidh mé faoi dheoidh Inis Thiar.

## Curfá

Diarmaid Ó hAimhain a d'aistrigh.

## CILL CHAIS

Cad a dhéanfaimid feasta gan adhmá?  
 Tá deireadh na goillte ar lár.  
 Níl trácht ar Chill Chais ná a teaghlach,  
 'S ní cluinfear a cling go brách.  
 An áit úd 'na gcónaíodh an dea-bhean  
 Fuair gradam is meidhir thar mhná  
 Bhfodh iarlaf ag tarraingt thar toinn ann,  
 'S an tAifreann binn á rá.

Anois mar bharr ar gach míghreann  
 Chuaigh prionsa na nGael thar sáil,  
 Anonn le hainnir na míne,  
 Fuair gradam sa Fhrainc 's sa Spáinn.  
 Anois tá a cuallacht á caoineadh  
 Gheibheadh airgead buí agus bán:  
 'Sí ná tógfadh seilbh na ndaoine,  
 'Sí cara na bhfíorbhochtán.

Aicim ar Mhulre 's ar Íosa  
 Go dtaga sí arís chugainn slán,  
 Go mbeidh rince fada ag gabháil timpeall  
 Ceol fídlí 's tinte cnámh;  
 Go dtófar an baile seo ár sinsear,  
 Cill Chais bhreá, arís go hard,  
 'S go brách nó go dtiocfaidh an díleann  
 Ná feicfear í arís ar lár!

## FÁINNE GEAL AN LAE

Maidin mhoch do ghabhas amach,  
 Ar bhruach Loch Léin;  
 An samhradh 'teacht 's an chraobh len' ais  
 'Gus lonradh te ón ngréin.  
 Ar thaisteal dom trí bhailte poirt  
 Is bánta míne réidhe.  
 Cé a gheobhainn lem ais ach an chúileann dheas  
 Le fáinne geal an lae.

Ní raibh bróg ná stoca, caidhp ná clóc'  
 Ar mo stóirín óg ón spéir,  
 Ach folt fionn órga síos go troigh  
 Ag fás go barr an fhéir.  
 Bhí calán crúite aice ina glaic,  
 'S ar dhrúcht ba dheas a scéimh;  
 A thug barrghean ó Véineas deas  
 Le fáinne geal an lae.

## ÓRÓ MO BHÁIDÍN

Crochfa' mé seolta 'gus gabhfa' mé siar,  
 Ó-ró! mo churraichín ó!  
 'S go hoíche Fhéil' Eoin ní thiocfa' mé 'niar,  
 Ó-ó-ró mo bháidín!

Loinneog:

Ó-ró mo churraichín ó!  
 Ó-ró! mo bháidín!  
 Ó-ó-ró! mo churraichín ó!  
 'S ó-ó-ró! mo bháidín!

'S nach breá í mo bháidín ag snámh ar an gcuán,  
 Óró mo churraichín ó,  
 'S na céaslaí á dtarraingt go láidir 's go buan,  
 Ó-ó-ró mo bháidín!

Loinneog:

'S nach éachtach a léimneach thar thonnta ard',  
 Óró mo churraichín ó,  
 'S nach éadrom í 'iompar aníos thar an trá,  
 Ó-ó-ró mo bháidín!

Loinneog:

## RODÍ MAC CORLAÍ

Cé hiad na sluaite fear 's ban  
 Ag gluaiseacht fan na slí?  
 Siad fir is mná ó chnoc 's gleann  
 'S ó bhruacha Bhanna Buí.  
 Tá faghairt 'na rose 's feidhm 'na geos' -  
 Táid mall, rómhall, monuar,  
 Mar tá Rodí Mac Corlaí ag dul don chroch  
 Ar Dhroichead Tuam' inniu.

Aníos an tsráid 's a cheann go hard  
 A ghabh an sárthear groí;  
 'S róp' a chrocht' tá fillte docht  
 Faoi chuacha órg' a chinn  
 Níl deoir ná néal 'na shúile glé,  
 Táid lonrach, gléineach, ciúin,  
 Agus Rodí Mac Corlaí ag dul don chroch  
 Ar Dhroichead Tuam' inniu.

Dob í sin sráid a ghabh sé lá,  
 'S píe' 'na láimh go dian,  
 'Na dhiaidh aniar bhí buíon fear fíor  
 'S dóchas ard 'na geróí.

Go hAontraim ghluais an bhufon go buach  
 Dob eisean ceann an tslua.  
 Ach tá Rodí Mac Corlaí ag dul don chroch  
 Ar Dhroichead Tuam' inniu.

Micheál Ó Sióchfhradha a d'aistrigh.

Curfá

Trasna na dtonnta, dul siar, dul siar.  
Slán leis an uaigneas is slán leis an geian.  
Geal é mo chroí agus geal í an ghrian.  
Geal bheith ag fillleadh go hÉirinn.

Chonac mo dhóthain de thíortha i gcéin,  
Ór agus airgead, saibhreas an tsaoil.  
Éiríonn an croí 'nam le breacadh gach lae  
'S mé ag druidim le dúiche mo mhuintir'.

Curfá

Muintir an Iarthair 's iad cairde mo chroí.  
Fáilte is téile beidh romham ar gach taobh.  
Ar fhágáil an tsaoil seo 's é ghuíam ar an Rí  
Gur leo sin a shínfeair i gcill mé.

Curfá

Tomás Tóibín a d'aistrigh.

TUIRNE MHÁIRE

'S é tuirne Mháire an tuirne sásta,  
Shiúil sé roinnt mhaith d'Éirinn,  
Níl cnoc ná gleann dá ndeacha sé ann  
Nár fhág sé roinnt dá thréithe.

Chaith trí lá in Umhaill Uí Mháill'  
I lúb sa ghleanntán sléibhe.  
Na síoga mná 'bhí ar thaobh Chnoic Mheada  
A shníomh leis ábhar léine.

Fail lill leá, fail lill leá,  
Fail lill leá failéirf.  
Fail lill leá, fail lill leá,  
Fail liú, fail leá failéirf.

A Mháire chiúin, tá an olann ar tíús  
Anois le cúnaimh an Ard-Rí,  
Is cuir do thuirne i bhfoirm 's i dtiúin  
Is trí chos úr ón Spáinn faoi,  
Mol as Londain, ceap as Luimneach  
Is coigeall as Laighin in airde,  
Sreang den síoda is fearr sa tír  
Is beidh do thuirne sásta.

Fail lill leá, srl.

## A NATION ONCE AGAIN

When boyhood's fire was in my blood  
 I read of ancient freemen,  
 Of Greece and Rome who bravely stood,  
 Three hundred men and three men;  
 And then I prayed I yet might see  
 Our fetters rent in twain,  
 And Ireland, long a province, be  
 A Nation once again!

## Chorus

A Nation once again,  
 A Nation once again,  
 And Ireland, long a province, be  
 A Nation once again!

And from that time, through wildest woe,  
 That hope has shone a far light,  
 Nor could love's brightest summer glow  
 Outshine that solemn starlight;  
 It seemed to watch above my head  
 In forum, field and fane,  
 Its angel voice sang round my bed,  
 "A Nation once again!"

## Chorus

So, as I grew from boy to man,  
 I bent me to that bidding,  
 My spirit of each selfish plan  
 And cruel passion ridding;  
 For, thus, I hoped some day to aid,  
 Oh, can such hope be vain  
 When my dear country shall be made  
 A Nation once again!

## Chorus

Thomas Davis.

BOOLAVOGUE  
(Traditional Air)

At Boolavogue, as the sun was setting  
 O'er the bright May meadows of Shelmalier,  
 A rebel hand set the heather blazing  
 And brought the neighbours from far and near.  
 Then Father Murphy, from old Kilcormack,  
 Spurred up the rocks with a warning cry;  
 "Arm! Arm!" he cried, "for I've come to lead you,  
 For Ireland's freedom we fight or die".

We took Camolin and Enniscorthy,  
 And Wexford storming drove out our foes;  
 'Twas at Sliabh Coillte our pikes were reeking  
 With the crimson stream of the beaten Yeos.  
 At Tubberneering and Ballyellis  
 Full many a Hessian lay in his gore;  
 Ah, Father Murphy, had aid come over  
 The green flag floated from shore to shore!

At Vinegar Hill, o'er the pleasant Slaney,  
 Our heroes vainly stood back to back,  
 And the Yeos at Tullow took Father Murphy  
 And burned his body upon the rack.  
 God grant you glory, brave Father Murphy,  
 And open heaven to all your men;  
 The cause that called you may call to-morrow  
 In another fight for the Green again.

P. J. McCall.

## KELLY OF KILLANNE

"What's the news? What's the news? O my bold  
 Shelmalier,  
 With your long-barrelled gun of the sea?  
 Say what wind from the sun blows his messenger here,  
 With a hymn of the dawn for the free"  
 "Goodly news, goodly news, do I bring, Youth of Forth;  
 Goodly news shall you hear, Bargo man!  
 For the boys march at morn from the South to the North,  
 Led by Kelly, the Boy from Killanne!"

"Tell me who is that giant with the gold curling hair -  
 He who rides at the head of your band?  
 Seven feet is his height, with some inches to spare,  
 And he looks like a king in command!" -  
 "Ah, my lads, that's the pride of the hold Shelmaliers,  
 'Mong our greatest of heroes, a man! -  
 Fling your beavers aloft and give three ringing cheers  
 For John Kelly, the Boy from Killanne!"

Emiscorthy's in flames, and old Wexford is won,  
 And the Barrow to-morrow we cross!  
 On a hill o'er the town we have planted a gun  
 That will batter the gateways of Ross!

All the Forth men and Bargo men march o'er the heath,  
 With brave Harvey to lead on the van;  
 But the foremost of all in the grim Gap of Death  
 Will be Kelly, the Boy from Killanne!

But the gold sun of Freedom grew darkened at Ross,  
 And it set by the Slaney's red waves;  
 And poor Wexford, stript naked, hung high on a cross,  
 And her heart pierced by traitors and slaves!  
 Glory O! Glory O! to her brave sons who died  
 For the cause of long down-trodden man!  
 Glory O! to Mount Leinster's own darling and pride -  
 Dauntless Kelly, the Boy from Killanne!

P. J. McCall.

FOIREANN MAC CONMARA  
(Mac Namara's Band)

I

Is mise Mac Conmara 'gus is ceoltóir mé go fíor  
Tá foireann ceoil agam-sa 'nois  
An ceann is fearr sa tír  
Is mise dhéanann stiúradh is a chuireann glór ar seol  
Is seinnimid go minic leis na daoine 's fearr sa cheol.

CURFÁ

Le drumaí móra, ciombail ghlórach', adharca 'séideadh síor,  
Mac Cárthaigh 'seinm ar chunlóid, Ó Dúill ag ceol le píob,  
Mac Aonghusa maothasach 'seinm fideoige - icntach é go fíor!  
'Sí foireann Mhic Chonmara í, is clú mór í don tír!

II

Ó, seinnimid do dhream ar bith ag tráth an toghacháin,  
'Gus bainimid na deora as an bpobal le h-amhráin.  
Tomás Ó Mórdha féinigh, déarfadh sé gan aon agó,  
"Is maise ar mo dhánta Mac Conmara is a cheol!"

CURFÁ

III

Ag tórramh is ag cóisir is ag rinncí beag' is mór,  
Ar shochraidí na n-uasal seinnimid an ceo is cóir.  
Mar adúirt Rí na Peirse agus é i measc na nGael  
"Sí foireann Mhic Chonmara í an ceann is fearr sa tsaol!

CURFÁ



N Ó I N Í N, A S T Ó I R Í N  
(D a i s y, D a i s y)

Nóinín, a stóirín,  
Tabhair dhomhsa freagra séimh.  
Tá mé le báiní  
De bharr mo ghrá duit féin  
Ní hachmhainn dúinn bainis galánta  
Níl agamsa carr ná carráiste  
Ach beidh tú go cuí  
Im dhiaidh id' shuí  
Ar rothar dúinn beirt araon!

A N R Ó S Ó T R Á I L Í  
(The Rose of Tralee)

I

Bhí bainríon na hoíche ag lasadh a soillse  
 Bhí ard-rí na gile ag titim faoi'n íoghair  
 Bhí bainríon mo chroí-se ag ligint a scíthe  
 I nGáirdín an Bhíle, i ngar do Thráilí.  
 Dob' fhionn í 's dob' álainn mar róisín an tSamhraidh  
 Ach ní lena háilleacht a shlad sí mo chroí.  
 Níorbh'eadh, ach an fhírinne ag lonnradh 'na súile  
 A mheall mé chun grá 'thabhsairt don Rós ó Thráilí

II

Bhí buige tráthnóna ag leathadh 'nár dtimpeall  
 Is Máire ag éisteacht le gáire is graoi;  
 Bhí gaetha na na ré gil' sa sa gheann chugainn ag síneadh  
 Tráth bhuas don féinig an Rós ó Tráilí.  
 Dob' fhionn í 's dob' álainn mar róisín an tSamhraidh  
 Ní áilleacht a scéimhe a shlad uaim mo chroí.  
 Níorbh'eadh, ach an fhírinne ag lonnradh 'na súile  
 A mheall mé chun grá 'thabhairt don Rós ó Thráilí

S L I A B H   N A   M B A N  
(S l i e v e n a m o r)

I

Liom féinig amháin ar imeall na trá;  
 Im' aonar i halla 'tá lán.  
 Sa halla tá greann a's tá áille cois trá  
 Ach mo smaointe - imíd ar fán  
 Imíd i gcéin, le ré a's le gréin  
 Chum laetha a's tráth ná fuil ann.  
 Ach beidh cuimhne 'síor agam ar chailín 'bhuaile liom  
 Le hais Sliabh na mBan ins an ngleann.

II

I halla na ndán a's ar imeall na trá  
 Gan chosc ar mo spiorad 'nois go deo  
 A ghrá, eoh, a ghrá, ná feicfead tú go bráth?  
 An éireoidh Éire na gceol?  
 De ló agus d'oíche mo mhian a's mo ghuí -  
 Im aonar gan chara ar domhan -  
 Brat saor na tír' le gaoith  
 Agus mé le searc mo chroí,  
 Le hais Sliabh na mBan ins an ngleann.

TRIÚR AINNIR GLEOITE  
(Three Lovely Lassies.)

## I

Do bhí triúr ainnir gleoite sa Daingean  
 Daingean, Daingean, Daingean.  
 Do bhí triúr ainnir gleoite sa Daingean  
 'S is mise is deise den triúr,  
 Is mise is deise den triúr.

## II

Ag mo dhaid do bhí daichead geal-scilling  
 Scilling, scilling, scilling.  
 Ag mo dhaid do bhí daichead geal-scilling  
 Agus féar bó amháin agus gabhair  
 'Gus féar bó amháin agus gabhair

## III

Agus cheadaigh mo mháthair mo phósadh  
 Pósadh, pósadh, pósadh,  
 Agus cheadaigh mo mháthair mo phósadh  
 Agus gheobhad a leaba mar spré,  
 'Gus gheobhad a leaba mar spré.

## IV

Agus cuirfead mo bhróga le deisiú  
 Deisiú, deisiú, deisiú.  
 Agus cuirfead mo bhróga le deisiú  
 'Gus mo chóitín le dathú 'na ghlas  
 'Gus mo chóitín le dathú 'na ghlas

## V

Agus buailfead leis maidin Dé Domhnaigh  
 Domhnaigh, Domhnaigh, Domhnaigh,  
 Agus buailfead leis maidin Dé Domhnaigh  
 Agus mise im' éadaí mar ríon,  
 'Gus mise im' éadaí mar ríon.

MOLL NÍ MHAOILEOIN

Tá clú agus sciambh  
 Ar ainnir Áth' Cliath  
 Is ann do bhí cónaí  
 Ar Mholl Ní Mhaoileoin  
 Thiomáineadh sí barra  
 Thar tigh is thar gharrdha  
 'Glaoch "Iascáin is sliogáin  
 Iad beathaithe beo!"

CURFÁ

Iad beathaithe beo!  
 Iad beathaithe beo!  
 'Glaoch "Iascáin is sliogáin  
 Iad beathaithe beo!"

## II

Gan ionadh a séirse  
 Ag síor-dhíol an éisc dhi  
 Mar b'shin é ba chúram  
 Dá muintir gan ghó  
 Thiomáinidís barra  
 Thar tigh is thar gharrdha  
 'Glaoch "Iascáin is sliogáin  
 Iad beathaithe beo!"

CURFÁ

## III

A sláinte ga fónamh  
 Gan chabhair is gan chúnamh  
 Is d'éag sí go grod  
 Ach ní marbh di fós,  
 Mar chítear a barra  
 Is spiorad'na fhaire  
 'Glaoch "Iascáin is sliogáin  
 Iad beathaithe beo!"

## AN "ROCK 'N ROLL"

Ó d'éirigh mé ar maidin is chuaigh mé ag bleán na bó  
 Ó d'éirigh mé ar maidin is chuaigh mé ag bleán na bó  
 Chuaigh mé ag bleán na bó.

Amhrán ar an sean-nós a chasainn chuile mhaidin don bhó  
 Thálfadh sí an bainne is bhínnse sásta go leor, oh yeah,  
 Bhínnse sásta go leor.

Ach ansin a tháinig athrú, athrú an-aisteach ar an mbó  
 Thosaigh sí ag cartadh is ní thálfadh sí aon bhainne níos mó, oh no,  
 Ní thálfadh sí aon bhainne níos mó.

Smaoinigh mé ar phlean -- ó, chasfainn di rock 'n roll  
 B'fhéidir nár thaitnigh an sean-nós leithe níos mó, oh no,  
 níor thaitnigh an sean-nós leithi níos mó.

Ó anois a bhíonnas an craic a'm is mé ag bleán na bó  
 Thosaíonn sí ag preansáil is tálann sí an bainne gan stró, oh yeah,  
 Tálann sí an bainne gan stró.

Ó nach íontach is nach aisteach ar ruid ó an rock 'n roll  
~~Marach go bhfuil sé aisteach ní bheadh sé dhá dhaimhsíú ag bó, oh no,~~  
 Ní bheadh sé dhá dhaimhsíú ag bó.

Ó d'éirigh mé ar maidin....

Tomás Mac Eoin.

Curfá

Conamara, Conamara,  
An áit is deise 'tá 'sa saol,  
Conamara, Conamara,  
A Chonamara, 'stú mo mhian.

Bhéarsa 1

Mas duine faoi bhrón thú, éist go fóill liom,  
Glac le mo chomhairle, 'sbeidh tú buíoch,  
Siúil liom a chara, siar go Conamara,  
O bhrón i gConamara, beidh tú saor.

Curfá

Bhéarsa 2

Tá aoibhneas 'gus áthas, i gConamara i ndán duit,  
Tuigfidh tú áilneachtaí an t-saoil,  
Gheobhfaidh tú grá ann, ní thréigeann a bhláth ann,  
I gConamara, is íontach é an saol.

Curfá

Bhéarsa 3

Siúil leat cois cuain, trathnóna i dtús an t-samhraidh,  
Fair ar an ngrian, is i a dul faoi,  
Is aoibhinn bheith 'g-éisteacht, le ceol binn na n-éan ann,  
'Cuir fáilte roimh nádúr an t-saoil.

Curfa

Bhéarsa 4

Na labhair liom ar áilneachtaí tíortha 'bhfad o bhaile,  
Is cuma liom, má mholann tusa iad,  
Na radharcanna is áilne, i gConamara atá siad,  
Fágfaigh Conamara thú faoi dhraíocht.





TAIM IN ARREARS

53

Do thugas sa bliain ar an gCarraig  
Is bliain eil' i gCaiseal 'na dheoidh  
San bhliain sar ar fhagas an baile  
Bhí proiseas is dachad im' choir

Curfá:

Taim in arrears, in arrears  
Is taim in arrears i dti 'n ol  
O taim in arrears, in arrears  
'Sis baolach na diolfad go deo *deo*

Rachaidh me timpeall na duithe  
Is beidh agam cuinse den sport  
Beidh cailleacha 'n phaidrin sa chuinne  
Ag sileadh na súl as mo dheoidh *súl*

Curfá

Fuair easa conhairle go déanach  
Ó sheandúine céillí go leor  
Go mbfhe ~~me~~ dhom scilling chun éadaigh  
Ná í fhágaint im dhiaidh i dti 'n óil  
~~me~~ *dheidh*

53